Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Aibreán 2026
(OR. en)

8437/26

COH 68
CADREFIN 175
POLGEN 100
ECOFIN 516
ENV 401
TRANS 243
PECHE 137
JAI 482
ENER 198
MI 383
MAR 61
COMPET 473
SAN 243
SUSTDEV 32
RECH 187

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt *- Formheas*

1. Sa litir dar dáta an 20 Márta 2026 ó Uachtarán Ghrúpa Comhordaitheoirí Náisiúnta Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt, iarradh ar Uachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh an nós imeachta chun an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt (EUBSR) a sheoladh sa Chomhairle[1].

2. Rinneadh scrúdú ar na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an Iorua a áireamh in EUBSR ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is

[1] WK 5257/2026.

Forimeallaí an 21 Aibreán 2026[2]. Tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na Conclúidí seo ón gComhairle a fhormheas mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

---

[2] WK 5258/2026.

IARSCRÍBHINN

Dréacht

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 29 agus an 30 Deireadh Fómhair 2009[1], lenar glacadh Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt (EUSBSR) agus lenar formhuiníodh na conclúidí ón gComhairle[2] ar an ábhar sin bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2009[3];

2. I bhFIANAISE an chomhdhearcaidh ar tháinig ionadaithe na Danmhairge, na hEastóine, na Fionlainne, na Gearmáine, na Laitvia, na Liotuáine, na Polainne agus na Sualainne air trí bhíthin nós imeachta tosta an 28 Samhain 2025 maidir leis an iarratas ar bhallraíocht iomlán a chuir an Iorua ar aghaidh;

3. I bhFIANAISE na litreach dar dáta an 20 Márta 2026 ó Uachtarán Ghrúpa Comhordaitheoirí Náisiúnta Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt, inar iarradh ar Uachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh an nós imeachta chun an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt a sheoladh sa Chomhairle.

   A. IS DÍOL SÁSAIMH DI agus GLACANN SÍ leis an iarraidh a rinne na tíortha atá rannpháirteach i nGrúpa na gComhordaitheoirí Náisiúnta i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt ar an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt;

   B. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt agus Straitéis leasaithe, dá réir, a chur faoi bhráid na Comhairle.

---

[1] 15265/1/09 REV 1.
[2] 15018/09.
[3] 11308/09.